

Aguisín - Leaganacha Mionnaí agus Dearbhasc

Finné - Mionnaí:

An Mionn Críostaí – Tabhair Mionn ar an Tiomna Nua:

Finné: Mionnaím, (ainm an fhinné), do Dhia Uilechumhachtach gurb éard a bheidh san fhianaise a bhéarfaidh mé don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre sa chás seo an fhírinne, an fhírinne iomlán agus an fhírinne ghlan.

An Mionn Giúdach – Tabhair Mionn ar an Sean-Tiomna:

Finné: Mionnaím, (ainm an fhinné), do Dhia Uilechumhachtach gurb éard a bheidh san fhianaise a bhéarfaidh mé don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre sa chás seo an fhírinne, an fhírinne iomlán agus an fhírinne ghlan.

An Mionn Ioslamach – Tabhair Mionn ar an gCórán (atá clúdaithe ag éadach):

Finné: Mionnaím, (ainm an fhinné), do Allah gurb éard a bheidh san fhianaise a bhéarfaidh mé don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre sa chás seo an fhírinne, an fhírinne iomlán agus an fhírinne ghlan.

Mionn Eile – Tabhair Mionn ar leabhar naofa:

Finné: Mionnaím, (ainm an fhinné), do (ainm an Dia) gurb éard a bheidh san fhianaise a bhéarfaidh mé don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre sa chás seo an fhírinne, an fhírinne iomlán agus an fhírinne ghlan.

Finné - Dearbhasc:

Finné: Dearbhaím agus dearbhascaim, (ainm an fhinné), go sollúnta, go diongbháilte agus go firinneach gurb éard a bheidh san fhianaise a bhéarfaidh mé don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre an fhírinne, an fhírinne iomlán agus an fhírinne ghlan.

Ateangaire - Mionn:

Mionnaím, (ainm), do Dhia Uilechumhachtach (nó ainm Dia eile, más infheidhme) go ndéanfaidh mé ateangaireacht mhaith agus fhírinneach don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ar gach ceist agus ar gach rud ar a mbeidh orm ateangaireacht a dhéanamh a fheabhas agus is féidir liom agus a fheabhas agus a thuigim.

Ateangaire - Dearbhasc:

Dearbhaím, (ainm), go sollúnta go ndéanfaidh mé ateangaireacht mhaith agus fhírinneach don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ar gach ceist agus ar gach rud ar a mbeidh orm ateangaireacht a dhéanamh a fheabhas agus is féidir liom agus a fheabhas agus a thuigim.